AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.7.2025
COM(2025) 450 final

2025/0248 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhlachais i gCumraíocht Trádála a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le dleachtanna custaim a laghdú agus a dhíothú

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhlachais i gCumraíocht Trádála faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile ('an Comhaontú')[1], i ndáil le cinneadh a bhfuil sé beartaithe é a ghlacadh maidir le dleachtanna custaim a laghdú agus a dhíothú de bhun Airteagal 29(4) den Chomhaontú.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile

Is é is aidhm don Chomhaontú idirphlé polaitiúil a chur chun cinn agus comhlachas na hÚcráine le beartais an Aontais agus a rannpháirtíocht i gcláir agus i ngníomhaireachtaí an Aontais a mhéadú. Tá Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála ann freisin chun coinníollacha a bhunú le haghaidh caidreamh feabhsaithe eacnamaíoch agus trádála as a dtiocfaidh lánpháirtiú na hÚcráine de réir a chéile i margadh inmheánach an Aontais. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2017 agus cuireadh an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála i bhfeidhm go sealadach ón 1 Eanáir 2016.

2.2. An Coiste Comhlachais i gCumraíocht Trádála

Faoi Airteagal 465(4) den Chomhaontú, tabharfar aghaidh ar gach saincheist a bhaineann le Teideal IV den Chomhaontú (maidir le trádáil agus ábhair a bhaineann le trádáil) sa Choiste Comhlachais i gCumraíocht Trádála. Faoi Airteagal 29(4) den Chomhaontú, is féidir leis an gCoiste sin cinneadh a dhéanamh 'maidir le dlús a chur le dleacht chustaim ar earra a dhíothú nó deireadh a chur léi [a thiocfaidh] in ionad aon ráta dleachta nó catagóire céimnithe arna chinneadh de bhun Sceidil [de chuid an Aontais Eorpaigh nó na hÚcráine] i leith an earra sin' tar éis comhairliúcháin leis na Páirtithe maidir le 'dlús a chur leis an raon feidhme maidir le dleachtanna custaim ar thrádáil eatarthu féin a dhíothú agus maidir leis an raon feidhme a leathnú'. Glacfaidh an Coiste Comhlachais i gcumraíocht Trádála a chinntí trí chomhaontú idir na Páirtithe.

2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gCoiste Comhlachais i gCumraíocht Trádála

Tá an Coiste Comhlachais i gCumraíocht Trádála le cinneadh a ghlacadh maidir le dleachtanna custaim a laghdú agus a dhíothú de bhun Airteagal 29(4) den Chomhaontú ('an gníomh atá beartaithe').

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe dlús a chur leis an raon feidhme maidir le deireadh a chur le dleachtanna custaim sa trádáil idir an tAontas agus an Úcráin agus an raon feidhme sin a leathnú.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 465(3) den Chomhaontú, lena bhforáiltear maidir leis an méid seo a leanas: 'Beidh na cinntí sin ina gceangal ar na Páirtithe a ghlacfaidh bearta iomchuí chun na cinntí sin a chur chun feidhme.'

[1] IO L 161, 29.5.2014, lch. 3.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhlachais i gCumraíocht Trádála bunaithe ar an dréacht-Chinneadh ón gCoiste Comhlachais i gCumraíocht Trádála atá i gceangal leis an togra seo. Is toradh é ar chomhairliúcháin a rinneadh idir na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 29(4) den Chomhaontú. Seoladh na comhairliúcháin in 2021 arna iarraidh sin don Úcráin. Cuireadh ar feitheamh iad ina dhiaidh sin tar éis mhór-ionradh neamhdhleathach gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin agus tar éis don Aontas Eorpach bearta aontaobhacha um léirscaoileadh trádála a ghlacadh trína Bhearta Trádála Uathrialacha an 4 Meitheamh 2022[2], a ndearnadh iad a athnuachan in 2023[3] agus 2024[4]. Chuir na Páirtithe tús arís leis na comhairliúcháin i mí an Mheithimh 2025.

Thángthas ar chomhaontú leis na paraiméadair seo a leanas mar thoradh ar na comhairliúcháin.

– **Sreafaí trádála feabhsaithe.** Leis an gcomhaontú athbhreithnithe, baintear cothromaíocht amach idir tacú le trádáil na hÚcráine leis an Aontas agus íogaireachtaí a bhaineann le hearnálacha agus páirtithe leasmhara talmhaíochta de chuid an Aontais a chur san áireamh. Athraíonn an rochtain chaibidlithe ar an margadh de réir na dtáirgí. I gcás na n-ítimí is íogaire, amhail siúcra, éanlaith chlóis, uibheacha, cruithneacht, arbhar Indiach, agus mil, tá méaduithe teoranta ann i gcomparáid leis an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála i ndáil le trádáil faoi na Bearta Trádála Uathrialacha. I gcás táirgí eile, rinneadh feabhsuithe a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh bunaithe ar ár margaí comhlántacha. Ar deireadh, i gcás táirgí neamhíogaire áirithe, comhaontaíodh léirscaoileadh iomlán.

– **Ailíniú le caighdeáin an Aontais maidir le táirgeadh agraibhia.** Tá rochtain nua ar an margadh ag brath ar thiomantas na hÚcráine ailíniú de réir a chéile le caighdeáin áirithe táirgthe agraibhia de chuid an Aontais, amhail leas ainmhithe, úsáid lotnaidicídí agus cógas tréidliachta, laistigh de na tréimhsí ama a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Tá coinne leis go tabharfaidh an Úcráin tuairisc gach bliain ar an dul chun cinn atá déanta aici i ndáil leis sin. Tá an cur chuige sin comhsheasmhach le próiseas aontachais na hÚcráine leis an Aontas agus le glacadh *acquis* an Aontais.

– **Clásal coimirce láidir.** Beidh an deis ag gach Páirtí sásra coimirce a ghníomhachtú lena bhféadfaí bearta iomchuí a ghlacadh i gcásanna ina bhféadfadh allmhairí ón bPáirtí eile a bheith ina gcúis le deacrachtaí eacnamaíocha, sochaíocha nó

---

[2] Rialachán (AE) 2022/870 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le bearta um léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar na lamháltais trádála is infheidhme i dtaca le táirgí na hÚcráine faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile (IO L 152, 3.6.2022, lch. 103).

[3] Rialachán (AE) 2023/1077 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le bearta um léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar na lamháltais trádála is infheidhme i dtaca le táirgí na hÚcráine faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile (IO L 144, 5.6.2023, lch. 1).

[4] Rialachán (AE) 2024/1392 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bearta um léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar na lamháltais trádála is infheidhme i dtaca le táirgí na hÚcráine faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile (IO L, 2024/1392, 29.5.2024).

comhshaoil ina chríoch nó ina bhféadfadh siad a bheith ina mbagairt a bheith ina gcúis leo. I gcás an Aontais, is féidir measúnú ar shuaitheadh féideartha a dhéanamh ag leibhéal Ballstáit amháin nó níos mó ná sin.

Cháin an tAontas Eorpach go láidir cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus rinne sé gníomhaíochtaí nach bhfacthas a leithéid riamh chun tacú leis an Úcráin sa chomhthéacs eisceachtúil seo. I measc na tacaíochtaí sin tá cúnamh airgeadais, i bhfoirm cúnamh macrairgeadais do bhearta éigeandála agus atógáil, seachadadh trealaimh mhíleata agus glacadh smachtbhannaí fairsinge i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise, agus dlús a chur leis an gcomhar faoin gComhaontú a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Tosaíochta[5]. Tugadh stádas mar iarrthóir ar bhallraíocht den Aontas don Úcráin i mí an Mheithimh 2022 agus cuireadh tús leis an gcaibidlíocht aontachais i mí na Nollag 2023. Dá bhrí sin, comhlíonann agus leanann an gníomh atá beartaithe oibleagáid an Aontais faoi Airteagal 21(3) den Chomhaontú ar an Aontas Eorpach chun comhsheasmhacht a áirithiú idir réimsí éagsúla a ghníomhaíochta seachtraí, mar aon le hAirteagal 207(1) den Chomhaontú ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) lena bhforáiltear go ndéanfar an comhbheartas tráchtála i gcomhthéacs phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais.

Chun an pobal a chur ar an eolas agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara a bhailiú, d'eisigh an Coimisiún Eorpach glao ar fhianaise[6] idir an 3 Meán Fómhair 2024 agus an 1 Deireadh Fómhair 2024. Fuair an Coimisiún 111 fhreagra, ar fuarthas 49 díobh ó dhaoine aonair den phobal agus 62 díobh ó chomhlachais agus ó chuideachtaí. I bhformhór na n-aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara in earnáil agraibhia an Aontais, iarradh go ndéanfaí méaduithe ísle nó measartha ar rochtain ar an margadh le haghaidh allmhairí ón Úcráin, agus leagadh siad ar an suaitheadh a bhí ann nuair a bhí allmhairí in ann dul isteach gan bhac faoi na Bearta Trádála Uathrialacha, agus d'iarr roinnt acu go mbeadh rochtain an-uaillmhianach ar an margadh ar an dá thaobh, rud a tharraing aird ar acmhainneacht onnmhairiúcháin an Aontais agus ar an ngá atá le hionchuir ón Úcráin a aimsiú. D'iarr páirtithe leasmhara in earnáil agraibhia na hÚcráine ardleibhéal rochtana ar an margadh, agus leagadh béim ar a thábhachtaí atá an earnáil agraibhia do gheilleagar agus d'ioncam onnmhairiúcháin na hÚcráine. D'iarr go leor páirtithe leasmhara go ndéanfaí an Úcráin a ailíniú de réir a chéile le caighdeáin táirgthe an Aontais, agus d'iarr siad freisin go mbeadh cosaint láidir ann. Bhí formhór na ndaoine a thug freagra i gcoinne aon léirscaoileadh trádála breise leis an Úcráin sula mbeidh sí ag teacht níos mó le caighdeáin an Aontais, agus d'iarr cuid acu go ndéanfaí dleachtanna a mhéadú, nó go gcuirfí stop iomlán leis an trádáil. D'iarr roinnt acu go ndéanfaí an léirscaoileadh trádála a mhéadú a thuilleadh, agus béim á leagan ar chonair na hÚcráine i dtreo na hEorpa.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) CFAE déantar foráil maidir le cinntí lena leagfar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

5 https://circabc.europa.eu/ui/group/09242a36-a438-40fd-a7af-fe32e36cbd0e/library/10d63ead-6bd4-4173-9986-d74c664e45e5/details?download=true

6 Trádáil idir an tAontas agus an Úcráin – léirscaoileadh taraife cómhalartach breise faoi Airteagal 29 den Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Úcráin

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[7].

4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht é an Coiste Comhlachais i gCumraíocht Trádála a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát de pháirt amháin, agus an tSeoirsia den pháirt eile.

Is é atá sa ghníomh atáthar ag iarraidh ar an gCoiste Comhlachais i gCumraíocht Trádála a ghlacadh gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 465(3) den Chomhaontú.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíonfar ná ní leasófar creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Baineann príomhchuspóir agus inneachar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála. Dá bhrí sin, is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, is ceart a bheith ina mbunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go ndéanfar, le gníomh an Choiste Comhlachais i gCumraíocht Trádála, an Comhaontú a leasú, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

[7] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

2025/0248 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhlachais i gCumraíocht Trádála a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le dleachtanna custaim a laghdú agus a dhíothú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile (‘an Comhaontú’) a thabhairt i gcrích le Cinneadh (AE) 2017/1247 ón gComhairle[8] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2017.

(2) Faoi Airteagal 29(4) agus Airteagal 465(3) den Chomhaontú, féadfaidh an Coiste Comhlachais i gCumraíocht Trádála cinneadh a ghlacadh maidir le dlús a chur le dleacht chustaim ar earra a dhíothú nó maidir le deireadh a chur léi, ar cinneadh é a chuirfear in ionad aon ráta dleachta nó aon chatagóir chéimnithe arna cinneadh de bhun Sceidil an Aontais Eorpaigh nó na hÚcráine i leith an earra sin.

(3) Arna iarraidh sin don Úcráin, cuireadh tús le comhairliúcháin faoi Airteagal 29(4) den Chomhaontú in 2021. Cuireadh na comhairliúcháin ar feitheamh ina dhiaidh sin tar éis mhór-ionradh neamhdhleathach gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin agus tar éis don Aontas Eorpach bearta aontaobhacha um léirscaoileadh trádála a ghlacadh trína Bhearta Trádála Uathrialacha an 4 Meitheamh 2022[9], a ndearnadh iad a athnuachan in 2023[10] agus 2024[11]. Chuir na Páirtithe tús arís leis na comhairliúcháin in 2025. Mar

---

8 IO L 181, 12.7.2017, lgh. 1-3.

9 Rialachán (AE) 2022/870 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le bearta um léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar na lamháltais trádála is infheidhme i dtaca le táirgí na hÚcráine faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile (IO L 152, 3.6.2022, lch. 103).

10 Rialachán (AE) 2023/1077 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le bearta um léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar na lamháltais trádála is infheidhme i dtaca le táirgí na hÚcráine faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile (IO L 144, 5.6.2023, lch. 1).

11 Rialachán (AE) 2024/1392 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bearta um léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar na lamháltais trádála is

thoradh ar na comhairliúcháin sin, tá comhaontú sealadach le glacadh ag an gCoiste Comhlachais i gCumraíochtaí Trádála lena leathnófaí an raon feidhme maidir le dleachtanna custaim a dhíothú agus lena dtacófaí le hailíniú na hÚcráine le *acquis* an Aontais, rud atá ina chuid thábhachtach de chaibidlíocht aontachais na hÚcráine leis an Aontas.

(4) Tá an Coiste Comhlachais i gCumraíocht Trádála le cinneadh a ghlacadh maidir le dleachtanna custaim a laghdú agus a dhíothú de bhun Airteagal 29(4) den Chomhaontú le linn 2025.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Comhlachais i gCumraíocht Trádála a leagan síos ós rud é go mbeidh an cinneadh atá beartaithe ón gCoiste sin ina cheangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Comhlachais i gCumraíocht Trádála faoin gCinneadh bunaithe ar an dréacht-Chinneadh ón gCoiste Comhlachais i gCumraíocht Trádála atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

infheidhme i dtaca le táirgí na hÚcráine faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile (IO L, 2024/1392, 29.5.2024).

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH 'IONCAM' - LE hAGHAIDH TOGRAÍ A bhFUIL TIONCHAR BUISÉADACH ACU AR THAOBH AN IONCAIM DEN BHUISÉAD

1. AINM AN TOGRA

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhlachais i gCumraíocht Trádála a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le dleachtanna custaim a laghdú agus a dhíothú

2. LÍNTE BUISÉID

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim): Caibidil 12, Airteagal 120

An méid arna bhuiséadú le haghaidh 2026: EUR 21 368 300 000

3. TIONCHAR AIRGEADAIS

☐ Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

X Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam

☐ Tá tionchar airgeadais ag an togra ar ioncam sannta

Is mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

(EUR milliúin go dtí an chéad deachúil)

Líne ioncaim	An tionchar ar ioncam [12] [13]	An 1 Deireadh Fómhair 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025	2026	2027
Caibidil 12, Airteagal 120	*Tionchar ar acmhainní dílse*	8,3	14,3	14,3

4. BEARTA FRITHCHALAOISE

Chun calaois a chosc, an teideal chun leas a bhaint as laghduithe i ndleachtanna custaim a bhunaítear leis an gcinneadh atá beartaithe, tá sé faoi réir na gcoinníollacha ábhartha uile chun sochair a fháil faoin gComhaontú Comhlachais a bheith comhlíonta ag an Úcráin, lena n-áirítear na rialacha maidir le tionscnamh na dtáirgí ábhartha agus na nósanna imeachta a bhaineann leis sin, agus faoi réir an Úcráin a

[12] Is gá gur meastachán atá bunaithe ar an bhfoirmle nó ar an modh a leagtar amach faoi Roinn 5 iad na méideanna in aghaidh na bliana. Le haghaidh na bliana tosaigh, is gnách go n-íoctar an méid bliantúil gan laghdú nó *pro rata*.

[13] A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

bheith ag obair i ndlúthchomhar riaracháin leis an Aontas, mar a fhoráiltear leis an gComhaontú.

5. BARÚLACHA EILE

Is éard atá i gceist leis an tionchar ionchasach ar ioncam suim dhleachtanna custaim an Náisiúin Barrfhabhair a thoibheofaí ar an méid a chumhdaítear leis an lamháltas breise faoi athbhreithniú an Chomhaontaithe.